
# Roghnaigh Scagthástáil

Le chéile, is féidir linn difríocht a dhéanamh

## Achoimre Fheidhmeach



## Plean Straitéiseach na Seirbhíse Náisiúnta Scagthástála 2023-2027

### Cé sinne agus cad a dhéanaimid

Cuireann an tSeirbhís Náisiúnta Scagthástála (SNS) ceithre chlár náisiúnta scagthástála ar fáil atá bunaithe ar an daonra. Déanaimid scagthástáil le haghaidh ailse putóige, ailse brollaigh agus ailse ceirbheacs, agus le haghaidh reitineapaite i ndaoine a bhfuil diaibéiteas orthu. An aidhm atá ag na cláir seo ná galracht agus básmhaireacht a laghdú sa daonra trí ghalair a chosc agus/nó trí ghalair a aithint agus a chóireáil go luath, rud a d'fhéadfadh feabhas ollmhór a chur ar thorthaí sláinte. Tá sé i gceist acu é seo a bhaint amach trí dhea-chleachtas agus trí chúram duinelárnach ardchaighdeáin a chur ar fáil. Cé go gcuirimid scagthástáil ar fáil do dhaoine ar leibhéal an daonra, tá sé mar aidhm againn tús áite a thabhairt don othar trí thús a chur le cur chuige rannpháirtí-lárnach a dhíríonn ar an gcúram, ar an gcineáltas, ar an iontaoibh agus ar an bhfoghlaim.

### Eolas faoin bplean seo

Déantar na gnéithe ar fad a bhfuil sé mar sprioc againn iad a bhaint amach sa tréimhse cúig bliana amach romhainn a leagan amach i dtreochlár sa phlean straitéiseach nua againn, chomh maith leis an mbealach a bhfuil sé i gceist againn iad a bhaint amach. Chun go mbeadh fiúntas ag baint lenár bplean, agus le cinntiú go mbímid dírithe i gcónaí ar sheirbhís rannpháirtí-lárnach a chur ar fáil, chuireamar comhairliúcháin i gcrích lenár rannpháirtithe scagthástála, lenár bhfoireann, agus lenár gcomhpháirtithe chun tuiscint a fháil ar na spriocanna agus na cuspóirí a mbeadh an tábhacht ba mhó ag baint leo agus a bheadh oiriúnach dár bpáirtithe leasmhara.

Agus an straitéis seo á scríobh, tá athruithe suntasacha ag tarlú sa tseirbhís sláinte, agus tá éiginnteacht ag méadú ar fud an domhain. Tá an comhthéacs níos leithne ina mbíonn an SNS ag feidhmiú curtha san áireamh againn agus ár straitéis á forbairt againn. Dhíríomar ar ár dtimpeallacht, agus ar fhorbairtí sa scagthástáil agus i sláinte an daonra atá ar siúl faoi láthair – in Éirinn agus thar lear. Tá fís chomhaontaithe forbartha againn, a chuireann an nuálaíocht agus barr feabhais chun cinn i gcúram agus i dtorthaí othar - agus táimid tar éis a bheith ag cuimhneamh ar an mbealach a gcuirimid ár sprioc i gcrích, chun na ár gcláir scagthástála a, a sholáthar agus a fhorbairt ar bhealach a chinntíonn go mbeidh an caighdeán is airde ag baint leo, go ndéanfar daoine a shábháil agus go gcuirfear feabhas ar shláinte daoine ar fud na hÉireann.

Tá níos mó eolais ar fáil inár dtuarascáil straitéise iomlán faoinár gcláir scagthástála, ár misean, ár bhfís agus ár gcuid luachanna agus ar na príomhréimsí fócais atá againn don tréimhse cúig bliana amach romhainn.

### Achoimre ar ár gcuid spriocanna

Tá sé phríomhréimse fócais aontaithe againn, agus tá socrú déanta againn maidir leis na gnéithe a bhfuil sé i gceist againn iad a bhaint amach sna cúig bliana atá le teacht. Tá tábhacht ar leith ag baint le gach ceann de na réimsí seo, agus tabharfaidh siad treoir dár gcuid iarrachtaí, ár gcuid oibre agus ár gcuid forbartha. Sainaithníodh roinnt spriocanna agus cuspóirí fadtéarmacha faoi gach tosaíocht, chomh maith le sraith gníomhartha chun gach sprioc a bhaint amach. Déantar mionchur síos ar na spriocanna seo, agus ar an bplean atá againn iad a bhaint amach, inár dtuarascáil straitéise iomlán.

# Príomhréimsí Fócais

## Rannpháirtíocht agus Comhpháirtíocht

*Ár bpáirtithe leasmhara agus ár gcomhpháirtithe | Ár mbranda & ár gcáil | Ár spriocdhaonraí | Iontaoibh agus muinín a chothú | Cur chuige duinelárnach | Feasacht & tuiscint ar an scagthástáil a chothú*

**Sprioc 1: Eagraíocht oscailte iontaofa a bheidh ionainn, a chuireann cluas éisteachta ar fáil, a oibríonn i gcomhar le comhpháirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta chun tacú leis an gcothromas agus rannpháirtíocht, chun barr feabhais oibríochta a chur chun cinn agus chun forbairt réamhghníomhach seirbhíse a chothú, chun feabhas a chur ar an taithí a bhíonn ag ár gcuid rannpháirtithe scagthástála.**

Teastaíonn uainn a bheith a bheith ag obair i gcomhar le comhpháirtithe chun tacú le seirbhís chomhbhách a chuireann taithí dhearfach do rannpháirtithe agus cúram cothrom ardchaighdeáin ar fáil. Is mian linn a chinntiú go mbíonn teacht ag gach duine ar an scagthástáil. Teastaíonn uainn ceachtanna a fhoghlaim ó thaithí agus ó shaineolas ár bpáirtithe leasmhara agus na rannpháirtithe a mbímid ag freastal orthu. Tá sé mar aidhm againn eolas oiriúnach a roinnt go réamhghníomhach chun feasacht agus tuiscint ar an scagthástáil a spreagadh agus chun tacú le daoine cinntí aonair agus eolacha a dhéanamh. Teastaíonn uainn a chinntiú go mbíonn iontaoibh ag daoine asainn trí thuairisciú a dhéanamh ar an dul chun cinn a dhéanaimid agus ar ár bhfeidhmíocht ar shlí oscailte.

## Barr Feabhais Oibríochta

*Feidhmíocht an Chláir | Acmhainn na hEagraíochta | Conairí Scagthástála*

**Sprioc 2: Cuirfimid cláir scagthástála daonra ar cháilíocht dhearbhaithe ar fáil atá chun tosaigh ar leibhéal idirnáisiúnta agus atá bunaithe ar fhianaise agus déanfaimid an tionchar atá acu a léiriú.**


Is eagraíocht ardfheidhmíochta é an SNS. Teastaíonn uainn a bheith mar cheannaire idirnáisiúnta a bhfuil cáil orainn as cláir scagthástála ar cháilíocht dhearbhaithe a chur ar fáil, agus úsáid á baint as an teicneolaíocht, sonraí agus saineolas chun feabhas a chur ar ár gcuid seirbhísí.

## Forbairt Seirbhíse

*Ceannairí sa Nuálaíocht Scagthástála | Cláir Nua Scagthástála | Conairí Scagthástála bunaithe ar Fhianaise | Taighde*

**Sprioc 3: Glacfaimid ceannaireacht ar fhorbairtí i gcláir scagthástála daonra a thacaíonn le galair a chosc agus a aithint go luath. Tabharfaimid faoi thaighde agus déanfaimid coimisiúnú air, déanfaimid athbhreithniú ar fhianaise, agus oibreoimid i gcomhar le lucht déanta beartas chun guth ceannaireachta a chur ar fáil a bhfuil taithí aige agus atá eolach ar an scagthástáil daonra.**

Teastaíonn uainn gach deis a thapú ár gcuid seirbhísí a fhorbairt agus cinntiú go mbeidh tábhacht ag baint linn i gcónaí agus go mairfimid ar feadh na mblianta. Ba mhaith linn a bheith fiosrach, oscailte agus a bheith i gcónaí ag súil le hathruithe le cinntiú go n-aithneofar sinn amach anseo mar cheannaire sa scagthástáil daonra a mbíonn feabhas á chur againn ar bhonn gníomhach le rátaí braite i measc ár gcuid rannpháirtithe.




## Daoine & Cultúr

*Cultúr, Luachanna agus Iompair | Pleanáil & Earcaíocht agus Coinneáil an Lucht Saothair | Ag Tacú Lenár bPobal | Foghlaim agus Forbairt*

**Sprioc 4: Beidh timpeallacht oscailte fhreagrúil thacúil againn ina mbeidh na nithe ar fad ag ár ndaoine a bhíonn ag teastáil uathu chun a bheith ag forbairt agus ag soláthar agus chun rath a bhaint amach. Beidh rogha ag gach ball foirne in ionad oibre an SNS mar áit ina mbraithfidh an fhoireann go bhfuil luach ag baint leo, go bhfuil tacaíocht acu agus go bhfuil siad páirteach.**

Is iad na daoine a bhíonn ag obair linn an acmhainn is mó atá againn. Le cabhair ón bhfoireann atá tiomanta agus rannpháirteach, is féidir linn rannpháirtíocht thábhachtach a bhaint amach le rannpháirtithe scagthástála, le páirtithe leasmhara seachtracha agus le pobal na hÉireann. Teastaíonn uainn go mbeidh cultúr dearfach againn ina spreagtar baill foirne, ina dtacaítear leo agus ina gcaitear leo le dínit agus meas. Is mian linn an cultúr seo a dhaingniú chun iad a chumasú seirbhís chomhbhách dhuinelárnach a chur ar fáil.

## Rannpháirtíocht & Comhpháirtíochtaí

*Ár n-eagraíocht | Ár gcláir | Cáilíocht agus sábháilteacht | Bainistíocht riosca Feabhas cáilíochta leanúnach | Caighdeáin náisiúnta agus idirnáisiúnta*

**Sprioc 5: Déanfaimid dea-rialachas agus ceannaireacht a léiriú ar fud an SNS le cinntiú dár bhfoireann, dár gcomhpháirtithe seachtracha, dár rannpháirtithe scagthástála agus don phobal go bhfuil ár róil agus ár gcuid freagrachtaí á gcur i gcrích go héifeachtach againn, go bhfuil cultúr maidir leis an dearbhú cáilíochta, feabhsú agus luach ar airgead á chur i bhfeidhm againn agus go bhfuilimid ag tacú leis an gcultúr sin.**

Tá ríthábhacht ag baint leis an gceannaireacht éifeachtach agus leis an dea-rialachas chun an fheidhmíocht chliniciúil agus chorparáideach a chinntiú agus chun cuntasacht a léiriú dár gcuid úsáideoirí seirbhíse agus dár bpáirtithe leasmhara níos leithne. Teastaíonn uainn measúnú a dhéanamh agus a léiriú go ndéantar cláir a threorú agus a sholáthar ar bhealach a chinntíonn ardchaighdeán, a bhaineann an úsáid is fearr as cistí poiblí, as faisnéis agus saineolas daoine, agus a chuireann maoirseacht ar fáil sna réimsí ar fad atá ag teastáil chun cláir ar cháilíocht dhearbhaithe a sholáthar agus a fhorbairt. Tá dearbhú agus feabhas leanúnach ar cháilíocht na seirbhíse riachtanach chun go mbainfeadh an scagthástáil daonra na buntáistí do shláinte an daonra a bhí beartaithe amach, agus íoslaghdú á dhéanamh ag an am céanna ar na dochair neamhbheartaithe dóibh siúd a bhíonn ag glacadh páirte.

## Sonraí agus Eolas

*Sonraí, Teicneolaíocht agus Digitiú | Monatóireacht, Meastóireacht agus Cinnteoireacht Bunaithe ar Shonraí*

**Sprioc 6: Bainfimid úsáid as an dul chun cinn a dhéantar maidir le teicneolaíocht na faisnéise agus sonraí chun eolas a dhéanamh do sholáthar ár seirbhíse agus chun é a neartú, chun tacú le cinnteoireacht atá bunaithe ar fhianaise agus chun feabhas a chur ar ár n-éifeachtúlacht.**

Eagraíocht atá bunaithe ar shonraí a bheidh ionainn, a bheidh rannpháirteach go gníomhach sa mhonatóireacht fíor-ama, agus cuirfidh sé seo ar ár gcumas ár gcuid feidhmíochta a léiriú, deiseanna straitéiseacha a shainaithint chun an tseirbhís a fhorbairt agus chun feabhas leanúnach a chur ar an gcáilíocht.

Trí úsáid a bhaint as faisnéis bharrmhaith agus as teicneolaíochtaí éifeachtacha, beimid in ann seirbhís shábháilte fhreagrúil a chur ar fáil a bheidh ag teacht le riachtanais ár gcuid rannpháirtithe scagthástála agus a chuirfidh feabhas ar an taithí a bhíonn acu agus iad ag úsáid na seirbhíse.

# Ár Luachanna

*Na rudaí a gcreidimid iontu*

## Cúram

Oibrímid i gcomhar le rannpháirtithe scagthástála, baill foirne agus leis an bpobal i gcoitinne chun seirbhís atá bunaithe ar ardchaighdeán, cothromas agus meas a chur ar fáil.

## Cineáltas

Tacaímid lena chéile, ag léiriú cineáltais agus tuisceana, fiú nuair atá cinntí agus cúrsaí deacra os ár gcomhair.

## Iontaoibh

Bunaímid caidrimh atá bunaithe ar oscailteacht, macántacht agus cuntasacht chun cultúr a chothú ina mothaíonn daoine sábháilte agus ina gcreideann gach duine ina chéile.

## Foghlaim

Cuirimid cultúr chun cinn a bhaineann le páirtíocht, machnamh agus feabhsú leanúnach trí sheirbhís atá bunaithe ar an nuálaíocht agus barr feabhais a chur ar fáil.

© An tSeirbhís Náisiúnta Scagthástála, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, 2023
NSS/S&F-4